**CINNEADH Uimh. 146/2022 Ó CHOMHCHOISTE LEE**

**an 29 Aibreán 2022**

**lena leasaítear Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE [2022/1590]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ("Comhaontú LEE"), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/27 ón gCoimisiún an 27 Meán Fómhair 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 236/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le coigeartú na tairsí ábhartha le haghaidh fógra a thabhairt maidir le glansuíomhanna gearra suntasacha i scaireanna [1] le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an fhleasc seo a leanas le pointe 29f (Rialachán (AE) Uimh. 236/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE:

"— **32022 R 0027**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/27 ón gCoimisiún an 27 Meán Fómhair 2021 (IO L 6, 11.1.2022, lch. 9 )."

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil é téacs Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/27 san Íoslainnis agus san Ioruais atá le foilsiú san Fhorlíonadh LEE a ghabhann le h*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 30 Aibreán 2022, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus san Fhorlíonadh LEE a ghabhann léi.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Aibreán 2022.

*Thar ceann Chomhchoiste an LEE*
*An tUachtarán*
Nicolas VON LINGEN

---

([1]) IO L 6, 11.1.2022, lch. 9.
(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.